## Bileog Oibre – The friendship of Alex and Sam

Is cairde iad Alex agus Sam ó thosaigh siad ag freastal ar an mbunscoil. Go minic, bíonn siad ag caint agus ag gáire faoi rudaí a tharla dóibh nuair a bhí siad óg. Tá cairdeas maith eatarthu de bhrí go bhfuil meas ag Alex ar an tslí ar chinntigh Sam, fear ar breá leis a bheith i gcomhluadar daoine eile, go raibh Alex páirteach ina ghrúpa cairde i gcónaí, agus is mór ag Sam gur féidir leo gach rud a insint dá chéile - rudaí nach mbeadh siad sásta a insint d'aon duine eile.

Ainneoin go bhfuil spéis ag Alex agus Sam sna rudaí céanna, tá spéis acu i rudaí difriúla freisin. De ghnáth, caitheann Alex am lóin ag imirt fichille leis an gClub Fichille, agus tá sé de nós ag Sam cúpla uair an chloig a chaitheamh ag obair ar bhonn deonach i siopa na scoile gach seachtain.

Is breá leo beirt cispheil a imirt. Cúpla seachtain ó shin ainmníodh Alex ar fhoireann na scoile ach níor ainmníodh Sam. Rinne Alex iarracht labhairt le Sam faoi, ach thug Sam neamhaird ar na hiarrachtaí, dúirt sé nach raibh sé tábhachtach. Ina dhiaidh sin, ní raibh Sam le feiceáil in aon áit agus chinn Alex, a shíl go mb'fhéidir go raibh Sam in éad leis, nach eisean a dhéanfadh an teagmháil thosaigh.

Aréir, bhí Sam sa bhaile agus bhí sé ag mothú thar a bheith míshona. Bhí an saol sa bhaile sách casta le déanaí de bhrí gur chaill a mháthair a post. Thuig Sam go raibh an tslí ar dhéileáil sé le fógairt na foirne cispheile suarach. Sheol Sam an téacs seo a leanas chuig Alex, "tá brón orm - is amadán mé" agus bhí áthas an domhain air nuair seoladh an téacs seo ar ais chuige, "mise freisin, an bhfuil fonn ort dul chomh fada leis an ngiomnáisiam?".

